Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Aibreán 2025
(OR. fr)

7387/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0047(NLE)

PECHE 75

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le cur chun feidhme (2025-2029) an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach |

**RIALACHÁN (AE) 2025/ … ÓN gCOMHAIRLE**

**an** …

**maidir le leithdháileadh na ndeiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2008, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 242/2008, maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta in Earnáil an Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach[1] ('an Comhaontú'). Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 18 Aibreán 2008.

(2) Chuaigh an Prótacal roimhe seo maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe in éag an 31 Iúil 2024.

(3) An 4 Márta 2024, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur le caibidlíocht le Poblacht an Chósta Eabhair ('an Cósta Eabhair') d'fhonn Prótacal nua a bhunú maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe.Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil agus mar thoradh uirthi cuireadh inisealacha leis an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029) ('an Prótacal') an 21 Samhain 2024.

(4) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/... ón gComhairle[2+], síníodh an Prótacal an ...[++], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

---

1 IO L 75, 18.3.2008, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/242/oj.

2 Cinneadh (AE) 2025/... ón gComhairle an... maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029) (IO L,..., ELI: ...).

+ IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir thagartha an Chinnidh atá in ST 7375/25 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

++ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Phrótacail.

(5) Na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal, ba cheart iad a leithdháileadh ar na Ballstáit ar feadh na tréimhse iomláine a chuirfear an Prótacal i bhfeidhm.

(6) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo a luaithe is féidir i bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta an Chósta Eabhair agus an ghá atá ann fad an chur isteach ar na gníomhaíochtaí sin a laghdú a oiread is féidir.

(7) Is ar bhonn sealadach a bheidh feidhm ag an bPrótacal ó dháta a shínithe chun go bhféadfaidh soithí de chuid an Aontais a ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna amach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfar na deiseanna iascaireachta a bhunaítear faoin bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh idir Poblacht an Chósta Eabhair agus an Comhphobal Eorpach (2025-2029) a leithdháileadh ar na Ballstáit mar seo a leanas:

(a) 25 bhád saighne tuinnífí:

An Spáinn: 14 shoitheach

An Fhrainc: 11 shoitheach;

(b) 7 mbád spiléireachta dromchla:

An Spáinn: 5 shoitheach

An Phortaingéil: 2 shoitheach.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón …[+].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail a leagtar amach in ST 7042/25.